**Réamhfhógra faoi chomhchruinniú**

**(Cás M.10702 – KPS CAPITAL PARTNERS / REAL ALLOY EUROPE)**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(2022/C 346/04)

1. An 31 Lúnasa 2022 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Speira BidCo I GmbH (an Ghearmáin), mar atá faoi rialú Speira (an Ghearmáin), atá faoi rialú deiridh KPS Capital Partners, LP é féin ("KPS", SAM),

— Real Alloy UK Holdco Ltd. ("Real Alloy UK", Sasana), faoi rialú Real Alloy Holding, LLC (SAM),

— Evergreen Holding GmbH ("Evergreen", an Ghearmáin), faoi rialú Real Alloy Holding, LLC (SAM).

Gheobhaidh Speira BidCo I GmbH rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Real Alloy UK agus Evergreen ("Real Alloy Europe") ina n-iomláine. Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Bainistíonn KPS cistí infheistíochta ar scála domhanda trína eintitis bhainistíochta chleamhnaithe, lena ndírítear, *inter alia*, ar chuideachtaí monaraíochta agus tionsclaíocha, ar feadh réimse éagsúil tionscal, lena n-áirítear roinnt monaróirí táirgí alúmanaim atá gníomhach in LEE agus ar fud an domhain freisin.

— Is cuideachta punainne atá faoi rialú aonair Speira é Speira BidCo I GmbH. Agus é faoi rialú deiridh KPS, is monaróir ardtáirgí alúmanaim cothromrollta ("FRPanna") é Speira. Is grúpa de tháirgí alúmanaim cothroma leathmhonaraithe is féidir a úsáid le haghaidh roinnt feidhmeanna iad FRPanna, lena n-áirítear sna hearnálacha mótarfheithiclí, pacáistíochta, clódóireachta, innealtóireachta, tógála agus foirgníochta.

— Cumhdaítear le Real Alloy Europe gnó iomlán Real Alloy Group in LEE agus sa Ríocht Aontaithe, grúpa atá gníomhach in athchúrsáil táirgí alúmanaim agus i dtáirgeadh cóimhiotal teilgcheárta agus buailte san Eoraip agus i Meiriceá Thuaidh. Trína fhochuideachtaí agus monarchana éagsúla sa Ghearmáin, sa Fhrainc agus san Iorua, tá Evergreen rannpháirteach i bhfuíoll, dras agus slaig shalainn alúmanaim agus maignéisiam agus seachtháirgí díobh a fhoinsiú, a phróiseáil agus a athchúrsáil, agus i gcóimhiotail alúmanaim thánaistigh agus maignéisiam tánaisteach a tháirgeadh. Tá Real Alloy UK rannpháirteach i bhfuíoll, dras agus slaig shalainn alúmanaim agus seachtháirgí díobh a fhoinsiú, a phróiseáil agus a athchúrsáil, agus i gcóimhiotail alúmanaim thánaistigh a tháirgeadh. Dá bhrí sin, is féidir cur síos a dhéanamh ar an dá sprioc-chuideachta mar athchúrsálaí tríú páirtí alúmanaim agus maignéisiam agus mar tháirgeoir cóimhiotal sonraíochta.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10702 – KPS CAPITAL PARTNERS / REAL ALLOY EUROPE

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË